

Plandáil Chonnacht

D'Eagarthóir an *Irish Times*, 12 Feabhra.

A chara,

Sa supplement a d'fhoilsigh sibh (21 Eanair) mar chomóradh ar an gCéad Dáil, bhí alt agam faoi "athbheochan na Gaeilge." Dúirt mé ansin nach ceart leanacht den bpolasaí "athbheochana" muna bhfuil an Rialtas agus na Gaeilgeoirí sásta "Iosrael nua" a dhéanamh i nGaeltacht na hIarghaillimhe.

Creidim go diongbhálda sa scéim mar a mhol mé í — ach amháin go dtuigim anois nach mór do rud eile teacht ar dtús. Aontaím leis an méid adúirt Eoin McKiernan in Aonach Urmhumhan roint lá ó shoin: nach féidir bheith ag súil le tarrtháil an Rialtas, nach mór do na Gaeilgeoirí an gníomh a dhéanamh iad féin. Bheith ag brath ar an Rialtas an rud a mhíl gluaiseacht na teangan, mar is eol do chách anois.

Bhí sé mícheart agamsa bheith ag súil go dtabharfadh an Rialtas an chéad chéim in athphlandáil Chonnacht. Ní mór do Ghaeilgeoirí an chéad chéim a thabhairt nó ní dhéanfaidh an Rialtas an rud is gá agus caillfear an Ghaeilge mar theanga labhartha. B'amhlaidh an scéal in Iosrael: tháinig na *kibbuzim* roimh Stát Iosrael, ní ina dhiaidh. Bhí intleachtóirí agus ealaíontóirí Iúdacha i dtús na hoibre.

Mar sin, níor mhór do na Gaeilgeoirí tús a chur leis an "Israel nua" seo trí choilíneachtaí a bhunú i nGaeltacht na hIarghaillimhe. Gaeilgeoirí de ghach ceárd agus calaín: tá saothrú beatha le fáil ann cheana agus is féidir an saothrú sin a leathnú le héirim aigne agus le hallas.

Cuirtear eagrais ar bun chun an ghluaiseacht seo siar a eagrú. Tugtar Plandáil Chonnacht ar an eagrais sin. Seo seans do Chonradh na Gaeilge teacht chuige féin arís in ionad bheith ag cáineadh faoi dheis is faoi chlé go seasc. Seo seans don gComhdháil, do Ghael-Linn nó do dhaoine nua. An bhfuil an dúthracht is gá ar fáil? Chífeair.

Beidh mé i mBaile Átha Cliath ón 12 - 16 Feabhra. Má's mian le haoinne an cheist a phlé liom, beidh mé ar fáil ar an nguthán ag an uimhir 887638.

DESMOND FENNELL.

Carna, Conamara.